# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# ARDTEISTIMÉIREACHT

# SIOLLABAS EALAÍN

## EALAÍN (Ceirdeanna san áireamh)

## GNÁTHCHÚRSA AGUS CÚRSA ARDLEIBHÉIL

Ba chóir bonn chomh leathan a bheith faoin gcúrsa agus atá faoi Chúrsa na Meánteistiméireachta. Is den tábhacht é go mbeadh snáith aontachta tríd na codanna éagsúla den siollabas le go seachnófaí rannadh an tsiollabais ina cheachtanna aonaracha.

Cuirtear an imlíne seo a leanas ar aghaidh mar mholadh:

*Staidéir Bhreathnaithe*
Sceitseanna agus staidéir i ndubh agus i mbán agus faoi dhath d'fhoirmeacha nádúrtha agus de nithe de dhéantús an duine: foirgnimh agus tírdhreachanna faoi thosca éagsúla: fíoracha daonna.

Ba chóir go mbeadh de thoradh ar na staidéir sin an stór d'íomhánna súl a chnuasacht is gá don ghníomhaíocht chruthaitheach sa Cheapadóireacht Shamhlaíoch, sa Dearadh agus sa Cheardaíocht.

*Ceapadóireacht Shamhlaíoch agus Neamh-bheatha*
Turgnamhaíocht le meáin éagsúla mar iarracht chun an gléas ciallaithe a aimsiú is fearr a oireann do mheon an duine aonair agus do nádúr na ceapadóireachta.

*Dearadh agus Ceardaíocht*
Gníomhaíocht as a dtagann forbairt ar thuiscint don phatrún agus don rithim, don staidéar ar dhath, díreach ón dúlra sa chuid is mó; turgnaimh le poitéinsil agus le teorainneacha saincheirdeanna a chinneadh.

Ós fíor go bhfuil taithí súl na ndaltaí faoi réir ag an oidhreacht ó na gluine a chuaigh rompu, i ngar agus i bhfad siar, is inmhianaithe go ndéanfaí síorthagairt do na hacmhainní cultúrtha atá ar láthair. Mar sin tá Stair na hEalaíne agus Léirthuiscint don Ealaín ina chuid den chúrsa le seans a thabhairt do na daltaí a bheith feasach ar áit na n-ealaíona súl sa chultúr agus sa phobal acu féin. Ní héilíonn sé sin sainstaidéar ar Stair na hEalaíne, ach tharlódh go mba thairbhe don mhúinteoir béim ar leith a chur ar réimse roghnaithe staidéir, e.g. "Ealaín in Éirinn sa Ré Luathchríostaí", Ealaín Eorpach" nó "Ealaín Fhreacnairceach".

Glactar leis go mbeidh na daltaí curtha ar an eolas ag an múinteoir Ealaine i ngnáthchúrsa a chuid oibre ar éagsúlacht leathan de mhacasamhla, de shleamhnáin agus de bhunsaothair Ealaíne agus go bhfuil beospreagadh déanta aige ar dhaltaí aonair agus ar ghrúpaí le turasanna a thabhairt ar mhusaeim logánta, ar ghailéaraithe, séadchomharthaí náisiúnta agus foirgnimh fhreacnairceacha, etc. Ba chóir caoi a thabhairt freisin ar thopaicí a phlé bunaithe ar chleachtadh súl laethúil i dtimpeallacht na ndaltaí féin.

Moltar don mhúinteoir Ealaíne an réimse le haghaidh staidéir speisialta a thoghadh is fairsinge a bhfuil ábhar ar fáil ina leith ina cheantar féin.

**ARDTEISTIMÉIREACHT – GNÁTHCHÚRSA AGUS CÚRSA ARDLEIBHÉIL**

Iarrfar ar iarrthoirí freagairt ar *cheithre* pháipéar ar fad mar a leanas:-

| | | *Marcanna* |
|---|---|---|
| (a) Ceapadóireacht Shamhlaíoch *nó* Neamh-bheatha | 2½ uair an chloig | 100 |
| (b) Dearadh *nó* Ceardaíocht | 2½ uair an chloig<br>5 uair an chloig | 100 |
| (c) Beosceitseáil | 1 uair an chloig | 50 |
| (d) Stair na hEalaine agus Léirthuiscint don Ealain | 2½ uair an chloig | 150 |

1 *Ceapadóireacht Shamhlaíoch nó Neamh-bheatha*

Is é a bheidh sa pháipéar sliocht tuairisciúil ar féidir é a chiallú mar cheapadóireacht shamhlaíoch nó mar staidéar neamh-bheatha. Cuirfear an páipéar ar fáil do na hiarrthóirí trí lá roimh an scrúdú ionnas gur féidir leo sin ar mian leo é na nithe riachtanacha a luaitear sa sliocht a bhailiú nó nithe a bheadh oiriúnach do na grúpaí neamh-bheatha. Mar mhalairt air sin, iarrthóirí ar mian leo ceapadóireacht shamhlaíoch a dhéanamh, bhéarfar caoi dóibh ábhar a thoghadh a thaitníonn leo as cuid ar bith den sliocht tuairisciúil, chun a mheabhrú roimhré cé mar a dhéanfaidh siad é a ionramháil agus chun réamstaidéir agus réamhsceitsesanna a dhéanamh.

Ní ceadmhach, áfach, réamhobair ar bith a thabhairt isteach sa halla scrúdaithe. Ceadófar d'iarrthóirí meán ar bith a úsáid nach dócha dochar a dhéanamh dó le linn taistil.

2. *Dearadh*

Is é bheidh sa pháipéar sliocht phróis ar féidir é a úsáid mar bhonn le dearadh (ar pháipéar) le haghaidh saincheirde dá leithéid seo: fabraic-phriontáil, peannaireacht, lionóilphriontáil, bróidnéireacht, fíodóireacht, potaireacht, múnlú agus snoíodóireacht, agus dearadh fógraíochta. Féadfar an obair a dhéanamh i meán ar bith oiriúnach nach dócha dochar a dhéanamh dó le linn taistil.

3. *Ceardaíocht*

Iarrfar ar iarrthóirí dearadh a dhéanamh sa bhun-ábhar is cuí do cheird dá leithéid seo: lionóilphriontáil, leabharcheirdeanna, fíocháin lámh-phriontáltha, bróidnéireacht, potaireacht, fíodóireacht, puipéadracht, peannaireacht, snoíodóireacht, múnlú, obair mhiotail ealaíonta. Ní mór don scoil na bun-ábhair atá riachtanach a sholáthar. Beidh na socruithe don scrúdú ar aon dul leo siúd do Scrúdú Ceardaíochta na Meánteistiméireachta.

4. *Beosceitseáil*
Iarrfar ar iarrthóirí dhá sceitse a dhéanamh den mhúnla. Is é a bheidh sa chéad cheann staidiúir 15 neomat. Is é a bheidh sa dara ceann líníocht níos mion-oibrithe a ghlacfaidh tuairim 30 neomat. Féadfar dath a úsáid.

5. *Stair na hEalaíne agus Léirthuiscint den Ealaín*
Cuirfear na ceisteanna ar bhealach a thástálfaidh eolas ginearálta ar an bhforbairt stairiúil agus ar shúltuiscint seachas mion-eolas nó sain-eolas ar Stair na hEalaíne. Bhéarfar caoi don iarrthóir a thuiscint féin faoi shaothair ealaíne agus fadhbanna súl a phlé. Ní miste na freagraí a léiriú le sceitseanna áit ar bith ar chuí sin.

Is iad seo a leanas na réimsí sainstaidéir ar a gcuirfear an scrúdú:-

*Roinn I* - An Ealaín in Éirinn (ón ré Réamhstaire go nuige an t-am i láthair).

*Roinn II* - Ealaín na hEorpa (ó 1000 A.D. go nuige an t-am i láthair).

*Roinn III* - Faoin cheannteideal Léirthuiscint Ghinearálta is é an cuspóir caoi a thabhairt d'iarrthóirí topaicí a phlé bunaithe ar a gcleachtadh laethúil súl féin ina dtimpeallacht féin.

Bhéarfaidh an páipéar scrúdaithe rogha leathan topaicí in gach Roinn nó ir, gach sainréimse staidéir. Ba chóir d'iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt as gach roinn de thrí ranna an pháipéir. (2½ uair an chloig).

## LIOSTA DE LEABHAIR EALAÍNE

(Tá oiread sin leabhar fónta ar fáil go mb'fearr, b'fhéidir, leis an múinteoir a leabhair féin don chúrsa a thoghadh. Mar áis don mhúinteoir moltar an liosta leabhar seo a leanas mar bhonn don toghadh. Ní liosta Dualgais an liosta seo ar chor ar bith).

*Roinn I* - *An Ealaín in Éirinn (ón ré Réamhstaire go nuige an t-am i láthair)*
New Grange (Ó Ríordáin and Daniel).
Irish Churches and Monastic Buildings, Vols. I, II and III (Harold J. Leask). Tempest, Dundalk.
Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland.
Journal of the Georgian Society.
Publications of the National Museum.
Irish Stained Glass (Wynne and White) Browne and Nolan.
Irish Art (Bruce Arnold). Thames and Hudson.
The National Gallery of Ireland (James White). Thames and Hudson.
Modern Irish Landscape Painting Slide Pack (Frances Ruane) foilsithe ag An Chomhairle Ealaíon.
Guides and Publications of the National Monuments – Oifig na nOibreacha Poiblí.
Féadfar fótagraif shármhaithe a cheannach ón Roinnn Fótagrafaíochta, Brainse na Séadchomharthaí Náisiúnta, Oifig na nOibreacha Poiblí.
Antiquities of the Irish Countryside (Ó Ríordáin) Methuen.

Irish Art (3 vols., Early Christian Period, Viking Invasions, Romanesque Period) (Francoise Henry) Methuen.
Irish Churches and Monastic Buildings (First Phases and Romanesque, Gothic to 1400, the Last Phase). Tempest.

*Roinn II –* *Ealaín na hEorpa (ó 1000 A.D. go nuige an t-am i láthair).*
The World of Art Library – Thames and Hudson.
European Painting and Sculpture (E. Newton). Pelican.
Outline of European Architecture (Pevsner). Pelican.
Art through the Ages (H. Gardner). Bell and Sons.
Early Renaissance (M. Levey). Pelican.
A Social History of Art (Hauser). Routledge.
A Concise History of Painting from Giotto to Cézanne – Thames and Hudson.
History of Architecture (Bannister and Fletcher).
Dictionary of Art and Artists (L. & P. Murray) Penguin
Classic Art, an Introduction to the Italian Renaissance (Wolf-lin). Phaidon.
The Age of Baroque (M. Kitson) Hamlyn.
The Dolphin History of Painting (6 Vols.) – Thames and Hudson.
The Meaning of Art (Herbert Read). Faber & Faber.
Oxford Junior Encyclopaedia (Vol. 12).
History of Modern Painting (2 Vols.) (M. Raynal). Skira.
The Story of Art (E.H. Gombrich). Phaidon Press.

*Roinn III –* *(Léirthuiscint Ghinearálta).*
Looking and Seeing (Rowland) Ginn.
The Meaning of Art (Herbert Read). Faber & Faber.
Art and Industry (Herbert Read). Faber & Faber.
Design (A. Bentram). Pelican.

*Tréimhseacháin*

Dearadh — Council of Industrial Design,
The Design Centre,
28 Haymarket,
London, S.W.1.

Studio International
Journal of Modern Art
37 Museum Street
London W.C.1

Art Education: The Journal of the National Art Education Association,
120 16th Street N.W., Washington, U.S.A.